Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2021
(OR. en)

8853/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0197(COD)**

CODEC 711
CADREFIN 247
COH 5

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe **(an chéad léamh)**<br>Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 29 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún a thogra[1] agus an 28 Bealtaine 2020, a thogra leasaithe[2], bunaithe ar Airteagail 177(2), 178 agus 349 CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairimí uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[3] agus an 18 Meán Fómhair 2020[4].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairimí uaidh an 5 Nollaig 2018[5] agus an 14 Deireadh Fómhair 2020[6].

[1] 9522/18 + ADD 1 + ADD 2
[2] 8380/20 + ADD 1
[3] IO C 62, 15.2.2019, lgh. 90–96
[4] IO C 429, 11.12.2020, lgh. 236–239
[5] IO C 86, 7.3.2019, lgh. 115–136
[6] IO C 440, 18.12.2020, lgh. 191-212

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 27 Márta 2019[7].

5. An 3 Márta 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

6. An 16 Márta 2021, dhaingnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir ina dhiaidh sin chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- a seasamh ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 6168/21 é agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 6168/21 ADD 1 é a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

8. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle[8], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Rialachán thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 29 Bealtaine 2021.

---

[7] 7727/19

[8] Cinneadh (AE) 2020/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lgh. 15–16)